Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12061/26**

**AG 124**
**INST 299**
**SOC 509**
**FREMP 259**
**EDUC 335**
**CULT 101**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4639 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 17.7.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4639 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4639 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2026
C(2026) 4639 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha’ de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.7.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Bealtaine 2026 cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha' faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é is cuspóir don tionscnamh, mar a chuir na heagraithe in iúl é, a iarraidh ar an Aontas 'an bhearna a dhúnadh idir an aidhm atá aige "[go n-]urramóidh an tAontas prionsabal chomhionannas a shaoránach, agus [go bhfaighidh] na saoránaigh cóir chomhionann..." (Airteagal 9 CAE) agus an fhírinne nach dtugann sé aghaidh ach ar mhionlach de shaoránaigh Eorpacha rachmasacha, rud a spreagann antoisceachas frith-Aontais'. Deir na heagraithe go n-éilítear lena dtionscnamh 'cur chuige uile-shochaí ar mhaithe le hEoraip dhaonlathach, cur chuige atá bunaithe ar an oideachas agus ar an vótáil chomhchoiteann'. Measann siad 'go bhfuil an ceart ag gach saoránach den Aontas agus gach cónaitheoir dlítheanach ann chun an mhéid seo a leanas': 'Foghlaim faoi chearta agus luachanna Eorpacha, agus faoi rannpháirtíocht san Aontas, anuas ar a n-oideachas sibhialta náisiúnta'; 'Taithí a fháil ar bheith rannpháirteach i gclár malartaithe Eorpach trí dheis aonuaire'; 'Go n-aithneofaí agus go mbailíochtófaí a dtorthaí ina dtír dhúchais agus ar fud an Aontais trí phlé le cáilíochtaí acadúla, teicniúla, gairmiúla agus idirdhisciplíneacha ar bhonn cothrom'. In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tá tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis. Chuir na heagraithe dréachtrialachán isteach freisin 'lena gcruthaítear an ceart chun foghlaim faoi shaoránacht an Aontais, taithí a fháil uirthi agus leas a bhaint aisti', ar bhonn Airteagal 25 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar chuid dá n-iarratas ar chlárú.

(3) Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé a mholadh go ndéanfaí an ceart a chruthú do shaoránaigh an Aontais chun foghlaim faoi shaoránacht an Aontais, taithí a fháil uirthi

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

agus leas a bhaint aisti ar bhonn Airteagal 25 CFAE. Mar sin féin, ní féidir leis na forálacha ábhartha ábhar beacht an mhéid a mhúintear a shainiú ná difear a dhéanamh d'eagrú na gcóras oideachais ná don éagsúlacht chultúrtha agus teanga lena mbaineann, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 165(1) CFAE. Ina theannta sin, ní féidir na cearta sin a thabhairt do chónaitheoirí dlítheanacha nach saoránaigh den Aontas iad, ós rud é nach féidir úsáid a bhaint as an mbunús dlí in Airteagal 25 CFAE ach amháin chun cearta a chur leis na cearta a liostaítear in Airteagal 20(2) CFAE, ar cearta iad is féidir a thabhairt do shaoránaigh an Aontais agus dóibhsean amháin.

(4) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(5) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(6) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(7) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha' a chlárú.

(9) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha'.

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Sinn uile le chéile - Ar son do chirt chun saoránachta gan beann ar theorainneacha', grúpa a bhfuil Suzana CARP agus Jana SPROUL ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*